

Ciarán Ó Fátharta

Amhráin

Síle Denvir a chuir in eagar



Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chl6 2008
© Cl6 Iar-Chonnachta 2008

ISBN 978-1-905560-24-0

Dearadh: Hayes Design / Deirdre Ní Thuathail
Grianghraif chlúdaigh: Nutan



Bord na
Leabhar
Gaeilge



Foras na Gaeilge

Tá Cl6 Iar-Chonnachta buíoch de Bhord na Leabhar
Gaeilge (Foras na Gaeilge) as tacaíocht
airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cl6 Iar-Chonnachta cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cl6 Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: Future Print, Baile Átha Cliath 13.

*Do mo bhean Lucia agus mo chuid gasúr, Feithín, Muireann agus Finín.
Do m'athair, nach maireann, agus do mo mháthair.
Do mo chuid deartháireacha agus deirfiúracha, Paddy, Máire, Bríd agus Kate.*

Amhrán Ráth Cairn

Nach iom - ai - píosa a d'fhéad - faim 'scríobh dhá mbeinn áb - al - ta ar pheann,

5 faoi na smaoin te 'd'fhága - m'ín-tinn s'a chuid a - tá fós ann,

10 curtha a'm dhíom faoi mhís - neach brón - is

1 glas - na

An Sérpéin

ait ba dual dom, tá na deo - ra le mo shí - le,

gach De Domh - naigh is lá féil - e, bíodh m' -

Ciarán Ó Fátharta

eil - in a bhí le taobh an bhbohair, Ciarán Ó Fátharta

san áit a mbíodh gach éin

an bhbohair,

ne tag - tha,

thuobh an bhbohair,

Cré na Cille

'Dhul thar Chré na Cil - e dhom ar maid - in moch liom féin,

6 chois - céim - in ag tíoht an - uas an chéim, stán mé mar bhual fáit - ios mé tháinig eag - la ar mo

12 chroí - is chon - aic mé mar iomh - á é ar an leac le m'áis ina shuí, Ciarán Ó Fátharta Tá

17 Cré na Cil - e chomh ciú - in inn - iu s'go gelois - feá'n fear ag fás, tá na mill - iúm cnámh - na

22 lui ansíúd thall 'baint suimh - neas's saoir - se ón mbás, ó bheinn - se fhéin in éin,

27 líon - fadh mé'n dlí, tá fiacha i dtéach

Ciarán Ó Fátharta

Amhrán na mBáid Mhóra

Bhfuil an Ghaeil - ge 'ndeir - each réim - e,

5 ró - mhaith, go dtuig - im fhéin é, mar atá daoin - e 'gcon - aí 'rá,

ach 'sén trua é má tá, ní go

1 í bheith gabháil in is - le, ó ní hion - tas

2 mn níos mó í, mar tá

3 nainn - in aobh - im grán - mhair, 's'mé suite an - síúd

4 go hal - ainn uaim ó dheas,

Ciarán Ó Fátharta

chéi - le,

Clár

Réamhaiste	9
Na hAmhráin	
1. <i>Amhrán Mháirtín Beag Ó Gríofa</i>	45
2. <i>Amhrán Mhichelle Smith de Brún</i>	47
3. <i>Amhrán na Gaeilge</i>	49
4. <i>Amhrán na Gaillimhe</i>	51
5. <i>Amhrán na mBáid Mhóra</i>	53
6. <i>Amhrán Ráth Cairn</i>	56
7. <i>Amhrán Sheáin Uí Mhainnín</i>	59
8. <i>An Cosán</i>	61
9. <i>An Dioscó</i>	62
10. <i>An Seanfhear</i>	64
11. <i>An Séipéilín</i>	66
12. <i>An Stól</i>	68
13. <i>An Tuairisc</i>	69
14. <i>Bearáilte</i>	71
15. <i>Breandán</i>	74
16. <i>Brig St. John</i>	76
17. <i>Capaillín</i>	78
18. <i>Clár Joe</i>	80
19. <i>Cré na Cille</i>	82
20. <i>Cuimhneoidh Mise Ort</i>	85
21. <i>Dearcadh an tSaoil</i>	87
22. <i>Dífhostaíocht</i>	89
23. <i>Dílleachtín Bocht Ó</i>	91
24. <i>Eachtra</i>	92
25. <i>Exhaust Pipe</i>	93
26. <i>Londain</i>	95
27. <i>Maggie Thatcher</i>	96
28. <i>Na Laethanta Romham</i>	98

29. <i>Ráth Cairn Glas Gréine na Mí</i>	100
30. <i>Scríosta ag an Ól</i>	102
31. <i>Seáinín</i>	104
32. <i>Agallamh Beirte: Teilifís na Gaeltachta agus an OK Corral</i>	106
Nótaí ar na hAmhráin	113
Foinsí	125

RÉAMHAISTE

Samhlaítear an fhilíocht bhéil go minic le traidisiún ársa atá fréamhaithe i seansaol Gaelach inar mhair leithéidí Raiftearaí agus filí pobail mar é. Tá cultúr seo na filíochta béil ina chuid lárnach de stair litríocht na Gaeilge, ach déantar dearmad go minic gur eascair cineálacha éagsúla eile filíochta béil as an traidisiún seo. Tá eolas agus aithne ar leithéidí Johnny Chóil Mhaidhc Uí Choisdealbha¹ agus Tom an tSeoighigh² mar fhilí pobail i gConamara. Ní hiad an ghlúin seo filí is ábhar don leabhar seo, mar tá aitheantas acu siúd mar fhilí pobail, ón bpobal féin ar dtús agus ón lucht léinn ina dhiaidh sin. Tá aird ag lucht na leabhar ar na filí pobail sin le blianta beaga anuas cé gur thóg sé i bhfad orthu a n-aird a dhíriú ar an litríocht seo nach ‘ardlitríocht’ í. Tá dream amháin fágtha ar lár, áfach, glúin nua filí béil atá tagtha ar an bhfód le os cionn scór blianta anuas, glúin níos óige ná glúin an tSeoighigh agus Uí Choisdealbha. Is iad sin lucht amhráin nuachumtha Chonamara, cumadóirí cosúil le Ciarán Ó Fátharta, Tomás Mac Con Iomaire, Tomás Mac Eoin agus daoine nach iad. Deir Ruth Finnegan ina leabhar ceannródaíoch *Oral Poetry: Its Nature, Significance and Social Context*:

Oral poetry is not just something of far away and long ago. In a sense it is all around us still. Certainly in most definitions of oral poetry, one should also include the kinds of ballads and ‘folksongs’ (both those dubbed ‘modern’ and ‘traditional’) sung widely in America or the British Isles, American Negro verse, the popular songs transmitted by radio and television . . .³

Ní miste an amhránaíocht nua atá tagtha ar an bhfód i gConamara le blianta beaga a chur leis an liosta seo. Seo í an fhilíocht bhéil atá beo i gcónaí i gConamara, agus tá saintréithe na filíochta béil le fáil sna hamhráin, fiú más déantús nua-aimseartha atá i gceist nach bhfuil baileach chomh saibhir ar go leor bealaí leis an bhfilíocht a tháinig roimpi. Is é an aidhm atá leis an réamhaiste seo iniúchadh a dhéanamh ar amhránaíocht nuachumtha

Chonamara trí dhírú ar shaothar agus ar thuairimí Chiaráin Uí Fhátharta i gcomhthéacs teoiriciúil na filíochta béil.

Ní féidir aon dátaí cruinne a thabhairt maidir le cén uair a tháinig an amhránaíocht nuachumtha seo ar an bhfód ach d'fhéadfaí buille faoi thuairim a thabhairt gur i dtús na seachtóidí a cuireadh na síolta don seánra nua ceoil seo le cumadh na n-amhrán 'An Damhán Alla' le Tomás Mac Con Iomaire agus 'An Cailín Álainn' le Tomás Mac Eoin.⁴ I rith na n-ochtóidí tháinig borradh céatach faoin sórt seo cumadóireachta tráth a raibh suas agus anuas le dhá scór duine ag cumadh amhrán i gConamara⁵, agus i gConamara amháin⁶, mar níl aon fhianaise ann gur tharla sé seo in aon Ghaeltacht eile sa tír. Cén fáth mar sin gur tharla an borradh mór cruthaíochta seo i nGaeltacht Chonamara i rith an ama seo agus cé na factóirí a chuidigh leis? Tá an chéad cheist casta go leor, agus chun í a fhreagairt ní mór cúlra staire agus eacnamaíochta na tréimhse seo a chíoradh go mion, rud nach bhfuil fúm a dhéanamh go fóill. Tá an dara ceist níos éasca a chíoradh agus cén bealach is fearr chun í a fhreagairt ná an cheist a chur ar dhuine de na cumadóirí a mhair agus a chum sa tréimhse seo. Is duine é Ciarán Ó Fhatharta a bhfuil machnamh déanta aige ar an gceist seo, agus thug sé freagra cuimsitheach, stuama ar an gceist.⁷

I dtús báire tháinig John Beag Ó Fhatharta abhaile as Sasana agus chuir sé le chéile an grúpa ceoil Na hAncairí. Thosaigh siadsan ag cóiriú amhráin dhúchasacha i dtosach agus ansin de réir a chéile fuair sé amhráin ó Tom an tSeoighigh, Tomás Mac Con Iomaire, Tomás Mac Eoin, Máirtín Mac Donncha agus ó Chiarán féin. Bhí baint mhór ag Raidió na Gaeltachta (a bunaíodh i 1972) leis an bpróiseas freisin mar is deis a bhí ann chun na hamhráin a scaipeadh i measc an phobail.

Le bunú Chló Iar-Chonnachta (i 1985), bhí meán eile aimsithe ag na hamhráin chun a gcáil a scaipeadh, rud a ghríosaiigh bannaí eile ceoil chun sampla Na nAncairí a leanacht. Mar sin, bhí cumadóirí ann chun na hamhráin a chur ar fáil, bhí bannaí ceoil ann chun na hamhráin a chasadh, agus bhí meán ann chun na hamhráin a fhoilsiú agus a chraoladh.

Níl aon staidéar déanta ar an ábhar seo, chomh fada agus is eol dom, ó d'fhoilsigh Micheál Ó Conghaile an leabhrán *Gnéithe d'Amhráin Chonamara Ár Linne* i 1993 agus ó foilsíodh alt Ríonach uí Ógáin, "Camden Town go Ros a Mhíl" – Athrú ar Ghnéithe de Thraidisiún Amhránaíochta Chonamara' in *Crosbhealach an Cheoil / The Crossroads Conference 1996*, agus

tháinig athruithe ar chúrsaí ceoil agus cumadóireachta sa dúiche seo ó shin. Níor cumadh mórán ó lár na nóchaidí go dtí tús an chéid seo agus arís tá tuairimí ag Ciarán maidir leis an maolú seo a tháinig ar amhráin Chonamara i rith na tréimhse sin. Ceann de na cúiseanna a thugann sé ná gur imigh John Beag go Meiriceá, agus cé go raibh go leor bannaí ceoil eile i gConamara ag an am a bhí in ann an beart a dhéanamh chomh maith leis Na hAncairí, ba é John Beag a bhí ina rí ar an gcineál seo amhránaíochta. Breathnaítear ar John Beag mar dhuine a bhfuil cumas agus teacht i láthair thar an gcoitiantacht aige agus dá bhrí sin bhain sé amach gradam níos airde sa phobal ná mar a bheadh ag na bannaí eile. In agallamh a rinne sé le Máirtín Tom Sheáinín Mac Donnacha d’inis John Beag an fáth a ndeachaigh sé go Meiriceá:

JB Ceann de na húdair is mó a d’imigh mise as an tír seo, a Mháirtín, ná theastaigh briseadh uaim ón rud a raibh muid ag caint ar ball air, an dtuigeann tú. Theastaigh briseadh uaim ó – mar a dúirt mé go minic cheana – ó bheith ag dul soir is anoir an bóthar ar feadh fiche bliain, an bhfuil a fhios agat, agus ag casadh amhráin agus ag ceol.

MTS An raibh tú faighte cineál tuirseach dhó?

JB Bhuel, an bhfuil a fhios agat is dóigh b’fhéidir gurbh in é an bealach len é a rá. Bhí mé faighte cineál . . . ní raibh tada nua ag tarlú. Bhí mé tinn dhó agus bhí a fhios agam go raibh an rud a bhí mé a dhéanamh, dá bhfanfainn an fhad eile thart, go bhfaigheadh sé bás agus nach mbeadh mórán cainte air níos mó. Bhí tuairim agam go dtarlódh sé sin, mar a déarfá, agus dúirt mé, ‘Teastaíonn uaimse briseadh a thógáil ón rud seo ar fad’, agus dul amach as uilig go fóilleach agus ruainne beag deis anála a thabhairt dó. Agus sílim gur oibrigh sé sin . . . sílim gurbh in é an rud is fearr a rinne mé riamh.

MTS Fear fadbhreathnaitheach tú, ab ea?

JB Bhuel . . . tá mé . . . breathnaím chun cinn go mór ar rudaí áirid, an bhfuil a fhios agat. Is beagnach go gcaithfidh tú, a Mháirtín, an dtuigeann tú. Ní locht ar bith a bheith fadbhreathnaitheach.

MTS Agus d’oibrigh sé sin dhuit?

JB Bhuel, d’oibrigh. D’oibrigh sílim. De réir mar atá rudaí ag breathnú, d’oibrigh. De réir mar atá mé ag fáil *vibes* ar ais, d’oibrigh. Agus tá mé in ann anois a theacht isteach anseo go dtí

an áit a bhfuil cion mo chroí agam air, Conamara, agus Éirinn trí chéile, agus tá mé in ann an rud a bhí mé a dhéanamh an chéad lá ariamh, coinneáil orm á dhéanamh. Agus ní faightear chomh tuirseach dhó b'fhéidir. Bíonn deis agam níos fearr ansin oibriú ar amhráin eile agus ar bhealaí eile, an bhfuil a fhios agat, nuair a bhím i Meiriceá. Ní bhím chomh gnóthach ag ceol. Agus bíonn beagán níos mó ama agam dhom fhéin, mar a déarfá.⁸

Mar a deir sé féin, is duine fadbreathnaitheach é John Beag agus chonaic sé go raibh baol ann go dtiocfadh meath ar an amhránaíocht nuachumtha agus go raibh an deis anála seo ag teastáil ionas go bhflúirseodh sé arís. Cé go ndeir Ciarán Ó Fátharta gur tháinig maolú ar an amhránaíocht mar gur imigh John Beag, chonaic John Beag go raibh an maolú seo le tarlú ar aon nós. D'fhan an draíocht a bhain le John Beag mar gur imigh sé, b'fhéidir, agus feictear an draíocht seo nuair a fhilleann sé ar Chonamara go rialta, áit a mbíonn na tithe tábhairne lán go béal le lucht éisteachta a bhíonn ag tnúth le cluas a thabhairt dá chuid amhrán.

D'áitigh Ciarán an comórtas Réalta mar bhac eile ar chumadóireacht Chonamara sna nóchaidí. Chuir an comórtas, dar leis, a thosaigh Radió na Gaeltachta chun amhráin Ghaeilge a aimsiú don chomórtas Eoraifíse, brú ar chumadóirí a gcuid amhrán a chur in oiriúint do na laincisí a bhí curtha i bhfeidhm ag RTÉ don chomórtas Eoraifíse (ní fhéadfadh an t-amhrán a bheith níos mó ná trí nóiméad ar fhad agus bhí stíl faoi leith ceoil ag teastáil uathu). Bhí níos mó smachta ag RTÉ ar an amhrán mar sin ná mar a bhí ag an gcumadóir féin. Is mó béim a cuireadh ar an gceol ná ar na liricí, agus síleann Ciarán go raibh ceol álainn le cóiriú níos deise fiú á chumadh, ach gan tairbhe ar bith leis na liricí. Is cinnte go raibh tionchar ag an gcomórtas seo ar amhránaíocht na Gaeilge, ach is gá a rá freisin go raibh tairbhe ag baint lena leithéid de chomórtas. Maíonn Ciarán freisin gur athraigh an t-airgead agus na duaiseanna a bhí i gceist an meon a bhí ann maidir leis an gcumadóireacht:

Níor bhain muid [airgead] amach ariamh agus ní fhaigheann muid íocaíocht ariamh ar an sórt amhráin a chuir muid amach . . . ní hé go raibh muid á iarraidh ariamh . . . tá mé cinnte dhá n-iarrfadh muid é go bhfaigheadh muid é ach ní hin a bhí i gceist ann . . . is spiorad pobail a bhí iontu níos mó ná tada eile. Chuirfinnse mé

fhéin go pearsanta a mhilleán ar an dá rud sin – Réalta agus go ndeachaigh John Beag go Meiriceá.⁹

Mar gheall ar an gcomórtas Réalta tógadh cumadóireacht Chonamara amach as an gcomhtéacs nádúrtha as ar fhás sí, á cur i suíomh eile nár fheil di, dar le Ciarán. Níl sé ródhóchasach faoi thodhchaí na hamhránaíochta agus na filíochta i gConamara mar gheall ar an easpa saibhreas teanga atá ag an nglúin atá ag éirí aníos, rud a dtráchtaim air sa dara cuid den réamhaiste seo. Fiú má tá lag trá tagtha ar an ré cumadóireachta seo mar sin (agus is deacair a rá le cinnteacht go bhfuil), ní féidir neamhaird a dhéanamh den fheiniméan seo a mhair os cionn tríocha bliain.

Ré chorraitheach a bhí sa dara leath den fhichiú haois i nGaeltacht Chonamara, ré a chonaic an-chuid athruithe sóisialta, cultúir agus teanga. Áitíonn Gerry Smyth, ina leabhar *Noisy Island: A Short History of Irish Popular Music*, ar leanacht theorici Attali, go bhfeidhmíonn ceol agus amhráin mar tháscaire ar athruithe sóisialta:

. . . music is the most sensitive indicator of social change, that it's in advance of all other cultural forms as a gauge of the factors and tendencies that function in the present to order the future. Music does not 'predict' what will happen in some kind of warped variation on old-fashioned Marxism; rather, because of its intensely dialectical nature – in which economics and aesthetics are so closely enmeshed – music registers and engages change before other aesthetic forms; its dilemmas will be ours, so too its negotiations and compromises . . .¹⁰

Cumadh na hamhráin nua i gConamara de réir mar a thit rudaí amach agus is ag féachaint siar anois a thuigtear gur foinse luachmhar staire iad na hamhráin don tréimhse seo. Amhráin is ea iad a thráchtann ar chúinsí nua maireachtála Chonamara agus ar dhearcadh agus ar mheon an phobail go háirithe. B'fhéidir nach bhfacthas ag an am an tábhacht a bhain lena leithéid de thráchtairacht pobail, ach tá sé soiléir anois agus muid ag féachaint ar na hamhráin seo in éineacht go bhfuil tábhacht thar cuimse ag baint leo.

De bhrí gur guth pobail atá sna hamhráin seo, tá sé soiléir gur filíocht bhéil atá faoi láimh agus anailís á déanamh ar na hamhráin nuachumtha. Ainneoin castacht agus doiléireacht na filíochta béil mar choincheap, rud

a admhaíonn Ruth Finnegan nuair a deir sí ‘the whole concept of “oral poetry” is in fact a complex and variegated one’¹¹, téann an tráchtairacht seo ar an bpobal a dhéantar sna hamhráin nuachumtha go croílár na filíochta béil. Deir Gearóid Denvir faoin bhfile pobail:

Roghnaíonn an file pobail na gnéithe is mian leis féin de chúrsaí an tsoil ina thimpeall le cur ina dhán, agus múnlaíonn sé de réir a thuisceana féin agus i bhfriotal traidisiúnta iad. Labhraíonn sé i gcaint dhíreach lena phobal agus léiríonn inghlacthacht an ráitis fírinne an ráitis sin in intinn an phobail. Nochtaíonn an fhilíocht bhéil, mar sin, tuiscint chruthaitheach rannpháirtí íogair ar a phobal féin.¹²

Ní féidir a mhaíomh gur ardlitríocht atá i gceist leis na hamhráin seo, sa chaoi chéanna nach féidir a mhaíomh go bhfuil an teanga iontu chomh saibhir leis an teanga a d’úsáid filí na glúine a tháinig rompu. Filíocht shimplí atá in amhráin nuachumtha Chonamara, filíocht nach dtéann i ngleic mórán le ceisteanna pearsanta an fhile féin. Is filíocht shóisialta í a labhraíonn faoin ól, dífhostaíocht, imirce, drochbhóithre, báid agus faoi ghnéithe éagsúla de shaol an phobail i gConamara. Is ón bpobal agus ón gcumadóir in éineacht a eascraíonn an t-amhrán, rud a fhágann nach bhfuil an file neamhspleách ar an bpobal in maireann sé mar ‘. . . the oral poet is not merely the voice of communal pressures, neither is every poet an individual and untrammelled genius: poetry is the creation *both* of a particular community *and* of a particular individual.’¹³

Músclaíonn ceist seo na hamhránaíochta nuachumtha mar fhilíocht bhéil an-chuid ceisteanna maidir le téamaí agus spreagadh na filíochta. An bhfuil coimhlint ann idir an sean agus an nua? An sainrud Conamaraíoch é? Cén chaoi a sroicheann na hamhráin an pobal? Cén modh cumadóireachta a bhíonn ag an bhfile? Cén pháirt a bhíonn ag an lucht éisteachta sa phróiseas ar fad? Cén fáth a bhfuil an oiread sin tionchair ag ceol tíre nó *country and western* ar cheol na n-amhrán? Agus níl ansin ach tús iniúchta. Feiniméan réasúnta nua sa chultúr Gaelach is ea an ceol seo atá nua agus traidisiúnta in éineacht, agus is beag taighde atá déanta ar an ábhar dá réir, rud a fhágann go bhfuil réimse iomlán an ábhair le scagadh.

Is gá idirdhealú a dhéanamh ar dtús idir an sean agus an nua, idir an amhránaíocht ar an sean-nós agus an amhránaíocht nuachumtha. Dhá

réimse ceoil dhifriúla atá i gceist, agus cé gur fhás an amhránaíocht nuachumtha cuid mhaith ón sean-nós, is seánra ceoil ann féin atá ann. Deir Lillis Ó Laoire agus é ag trácht ar an amhránaíocht i dToraigh:

Bíonn an sean agus an nua ag meascadh le chéile de shíor agus is rogha é a dhéantar le saorthoil, rud a bhaineas an bonn den tuairim gur toirt gan fhás, gan bhogadh é an traidisiún.¹⁴

Fiú más seánra ann féin an amhránaíocht nuachumtha, níl sé neamhspleách ar an traidisiún, rud a dhearbhaíonn Steve Coleman nuair a deir sé ‘musical form is not independent of but rather wholly constituted by local traditions and understandings’.¹⁵ Brainse den traidisiún ceoil is ea an amhránaíocht nuachumtha, a thóg ar an seandéantús chun beatha nua a chruthú don amhránaíocht, a fheileann don phobal nua-aimseartha. Ní leagan truaillithe den sean-nós atá i gceist, agus tá an dá réimse amhránaíochta in ann maireachtáil taobh le taobh gan cur isteach ar a chéile. Castar na hamhráin ar an sean-nós agus castar iad ar an nua-nós; tá cros-síolrú agus malartú i gceist, rud a léiríonn nach gá mar a ceapadh ar feadh fada go leor go millfeadh an nua an sean. Go deimhin, is amhlaidh a shaibhríonn an dá rud a chéile. Díol spéise chomh maith go gcasann amhránaithe a chasann i stíl an tsean-nóis de ghnáth cuid de na hamhráin nuachumtha, agus ar an láimh eile is ó thraidisiún an tsean-nóis a d’fhoghlaim leithéidí Chiaráin agus John Beag a gcuid scileanna amhránaíochta an chéad lá riamh.¹⁶ De bhrí go raibh siad báite i dtraidisiún na hamhránaíochta dúchasaí agus eolas domhain acu air d’éirigh leo seánra nua amhránaíochta a chruthú go cumasach ag tarraingt ar na fréamhacha seo. Ina thrácht ar an nuálaíocht a rinne Tommy Potts ar an gceol traidisiúnta, deir Mícheál Ó Súilleabháin:

What is highly significant about Tommy Potts is that he is called upon as the epitome of tradition, on the one hand, and as the epitome of innovation, on the other. I believe that I can show conclusively here that he is the epitome of true innovation by virtue of the fact that his understanding of tradition was so grounded as to allow him to be primed for the innovation which flowed through him. In this instance, Potts was the epitome of innovation against a personal musical background which itself epitomised the very tradition he sought to subvert.¹⁷

D'fhéadfaí an tslat tomhais cheannann chéanna a úsáid san anailís ar an amhránaíocht nuachumtha, ag amharc ar Chiarán agus ar a chomhghleacaithe mar nuálaithe a bhí fréamhaithe i dtraidisiún an tsean-nóis agus a mhúnlaigh seánra nua amhránaíochta Gaeilge mar bheatha ann féin trí nasc a chruthú idir an amhránaíocht dhúchasach agus ceol *country and western* agus ceol tíre.

Labhair mé le Ciarán faoin ngaol atá idir an sean-nós agus an amhránaíocht nuachumtha agus d'fhiafraigh mé de an leagan truaillithe den sean-nós í an amhránaíocht nuachumtha:

Is rud difriúil ar fad é [an amhránaíocht nuachumtha] . . . is rud ann fhéin é. I mo thuairimse dhéanfainn deighilt mhór idir an péire acu . . . ní hionann an dá rud ar chor ar bith mar a déarfá . . . an rud a bhíodh ar bun ar feadh an tréimhse sin, ba rud nua ar fad é, go háirid i gConamara. Tugadh an ceol agus na hamhráin sin céim bheag eile, ach ní dóigh liom gur bhain sé den sean-nós, mar chomh fada agus a fheicim ní raibh an sean-nós chomh láidir ariamh agus atá sé anois. Ní cheapfainn gur chur sé meath ar bith ar an sean-nós.¹⁸

Cé gur réimse ceoil agus filíochta ann féin é réimse na hamhránaíochta nuachumtha, ní féidir é a scarúint go huile agus go hiomlán ón sean-nós, mar is léir ó go leor d'amhráin Chiaráin, a bhfuil dul an tsean-nóis ar roinnt mhaith den teanga atá le fáil iontu, chomh maith le macallaí ceoil ón sean-nós. Is é an meascadh cultúrtha seo idir an sean-nós agus nós atá níos nua, an ceol tíre, a thugann a shainiúlacht d'amhráin Chiaráin agus a chomhghleacaithe. Tagraíonn Diarmuid Ó Giolláin don mheascadh cultúrtha seo ina leabhar *An Dúchas agus an Domhan*:

Sa lá atá inniu ann, moltar an meascadh cultúrtha, 'a new thoroughly postmodern species of authenticity', i bhfocail Steven Feld, antraipeolaí agus scoláire ceoil. Nuair nach raibh seansaol ann a thuilleadh a chothódh cultúr traidisiúnta, chothaigh daoine a bhí idir an tuaith agus an chathair, idir Éirinn agus an imirce, idir an talmhaíocht agus an tionsclaíocht, cultúr measctha a bhí ag freagairt don saol sin.¹⁹

Seo é an saol ina maireann muid go réalaióch – idir an tuath agus an chathair, idir Éirinn agus an imirce, agus idir an talmhaíocht agus an tionsclaíocht. Mar thoradh air seo maireann muid go cultúrtha idir dhá stól, idir an sean-nós agus nósanna amhránaíochta nua-aimseartha, idir an fhilíocht bhéil thraidisiúnta agus an fhilíocht nua-aoiseach. Is mar fhreagairt ar an saol seo a chumann Ciarán a chuid amhrán, amhráin a bhfuil an fhilíocht bhéil ina gcroílár.

San iniúchadh a dhéanann sí ar an téarma sin ‘filíocht bhéil’ áitíonn Ruth Finnegan go bhfuil trí shlat tomhais ann chun a chinntiú gur litríocht bhéil atá i gceist: (1) an modh cumtha; (2) an modh seachadta; (3) an láithriú.²⁰ Is breá an rud a leithéid de shlata tomhais a bheith ann ach eascraíonn doiléireacht óna leithéid de shainmhíniú, rud a admhaíonn agus a phléann Finnegan. Maidir leis an modh cumtha, is filíocht bhéil atá i gceist má chumtar an fhilíocht go hiomlán ó bhéal, gan brath ar pheann ná ar pháipéar. Is cinnte go gcomhlíonann Ciarán an méid seo ina chuid cumadóireachta. Ainneoin go bhfuil scileanna maithe litearthachta aige i nGaeilge agus i mBéarla, agus go gcleachtann sé na scileanna sin go laethúil (is iriseoir gairmiúil é le Raidió na Gaeltachta), ní bhraitheann sé ach ar a chuimhne agus é ag cumadh. D’fhiafraigh mé de faoin modh cumadóireachta atá aige:

Bíonn sé difriúil chuile uair. D’fhéadfainn an áit seo a fhágáil agus píosa a bheith déanta agam faoi mo chuairt anseo faoin am ar shroich mé an Poitín Still nó thiar ag crosbhóthar na Tuláí. Nó d’fhéadfainn a dhul seachtaineachaí . . . míonnaí . . . gan tada a dhéanamh. Thug mé faoi deara luath go maith, dhá mbeinn ag cuimhniú ar rud eicint deireanach san oíche sula dtitfinn i mo chodladh, dhá mbeinn ag cuimhniú ar rud eicint arbh fhiú amhrán nó dán a scríobh faoi, ar maidin nuair a dhúiseoinn bheadh sé beagnach agam . . . an rud a bhí mé ag iarraidh a rá bheadh mé in ann é a chur i bhfocla níos éasca ar maidin . . . Thug mé faoi deara freisin, dhá mbeinn ag siúl, go háirid cois cladaigh, liom féin go mbeadh sé an-an-éasca a theacht ar ábhar . . . á, chum mé chuile áit iad – chum mé cuid acu sa gcarr, chum mé cuid acu ag mo chuid oibre, chum mé cuid acu ag siúl le cladach, ag siúl an bhóthair, rudaí mar sin.

SD Cén chaoi a mbíonn a fhios agat go bhfuil amhrán críochnaithe?

CÓF Bíonn a fhios agam i gcónaí nuair a bhíonn mo dhóthain ráite agam!

SD Nuair a bhíonn sé críochnaithe, an gcuireann tú ar téip é, an gcuireann tú ar pháipéar é nó an bhfágann tú i do chloigeann é?

CÓF Á, i mo chloigeann. Rud contúirteach é a chur ar téip nó é a scríobh . . . d'fhéadfá é a chailleadh, d'fhéadfadh duine eicint eile greim a fháil air. Ach nuair atá sé agat i do chloigeann ní fhéadfaidh duine ar bith é a fháil.

SD Tá cuimhne mhaith agat, mar sin?

CÓF Níl sé chomh maith anois agus a bhí sé, ach bhí nuair a bhí mé níos óige . . .

SD An bhfuil an chuimhne tábhachtach sa gcumadóireacht?

CÓF Ó, thar a bheith tábhachtach. Anois, bheadh focal inniu agam agus bheadh sé cailte ar maidin, ach nuair a bhí mé níos óige ní tharlódh sé sin go deo dhom. Nuair a bhí mé sna fichidí bhíodh mé in ann an rud a raibh mé ag iarraidh trácht air a fheiceáil os mo chomhair i gcónaí.²¹

Dúisíonn modh cumadóireachta seo Chiaráin, agus na bhfilí béil go ginearálta, sraith ceisteanna eile. Gné shuntasach de chuid na filíochta béil is ea an chuimhne, agus is léir go dtuigeann Ciarán tábhacht na cuimhne ina chuid filíochta. Ina phlé ar an gcaoi a maireann an fhilíocht bhéil, deir Zumthor:

This preservation [of oral poetry] can result from two different practices, ones that today are somewhat contradictory though generally cumulative: either *archiving*, by means of writing or electronic recording, which has the effect of stabilizing all or part of the elements of the work (verbal, acoustical, or visual even if it concerns a film or a video disc); or *memorization*, either direct or indirect through various mediations, such as the one that, as it passes through writing, requires an interiorization of the text.²²

Tá cumas cuimhne an fhile fíorthábhachtach sa phróiseas cumadóireachta, ach má bhraitheann an file a bheag nó a mhór ar an bpeann ní chiallaíonn sé sin nach filíocht bhéil í. Is léir ó shaothar file eile pobail a bhí ag cumadh sa dúiche seo, Learaí Ó Fínneadhá, gur lena chuimhne agus lena pheann a chum sé, agus 'fearacht a leithéidí i gcultúir éagsúla ar fud an domhain

inniu, tá saothar Learaí Uí Fhínneadha i gcois dhá leith idir “cultúr béil” agus “cultúr scríofa”, agus is deimhniú a shaothar nach ann d’aon teorainn shoiléir idir an dá chineál.²³

Caithfear cuimhniú *go bhfuil* muid ag maireachtáil idir dhá chultúr, agus go bhfuil an saol ag athrú ar chuile thaobh dinn. Tá an ‘memorization’ agus ‘archiving’ a luann Zumthor ag seasamh taobh le taobh, an dá mhodh cumadóireachta agus seachadta chomh tábhachtach agus chomh dlisteanach lena chéile. Cuireann litearthacht casadh nua ar an bhfilíocht bhéil, ach ní athraíonn an litearthacht feidhm na filíochta béil dá réir, ná ní athraíonn sé an gá atá ag an duine lena leithéid d’fhilíocht a bheith ann. Tá bealaí nua ann chun an fhilíocht bhéil seo, bíodh sí i bhfoirm filíochta nó i bhfoirm amhráin, a chur i láthair an phobail. Tá chuile chineál giurléide ar fáil – teilifís, raidió, miondioscaí, dlúthdhioscaí, fiú amháin fónanna póca. Tá an chlaontuairim ann go loiteann an teicneolaíocht seo an fhilíocht bhéil atá ‘glan’ agus ‘traidisiúnta’ agus nach fada a bheidh sí linn dá bharr, má tá sí fós ina beatha. Ach ní gá gur rud diúltach iad na háiseanna nua-aimseartha seo ar fad, agus b’fhéidir fiú go láidreoidh siad an fhilíocht bhéil nach bhfuil i mbéal a báis ar chor ar bith mar a dhéanfadh roinnt criticeoirí amach.

Áiríonn Ciarán Ó Fátharta Raidió na Gaeltachta agus Cló Iar-Chonnachta mar phríomhchúiseanna gur tháinig fás thar cuimse ar amhránaíocht nuachumtha Chonamara. Thug na háiseanna seo comhthéacs nua don fhilíocht bhéil, dar leis, rud a bhí riachtanach ó tharla nach bhfuil comhthéacs ‘nádúrtha’ na filíochta béil .i. oícheanta airneáin mar a bhíodh ann le linn an tseansaoil, chomh fairsing agus a bhí. Lochtaíonn Ong an modh seachadta teicniúil seo, á mhaíomh go bhfuil an-difríocht idir láithriú beo na filíochta béil agus an láithriú ar an raidió mar shampla:

Human communication, verbal and other, differs from the ‘medium’ model most basically in that it demands anticipated feedback in order to take place at all. In the medium model, the message is moved from sender-position to receiver-position. In real human communication, the sender has to be not only in the sender position but also in the receiver position before he or she can send anything back.²⁴

Cé go bhfuil cuid mhaith den fhírinne i ndearbhú seo Ong, caithfear glacadh freisin leis an ‘medium model’ mar mhodh dlisteanach seachadta don fhilíocht bhéil sa saol comhaimseartha in aois seo na teicneolaíochta. Tóg, mar shampla, an obair atá faoi lámh anseo – bailiúchán d’fhilíocht bhéil Chiaráin Uí Fhátarta. An bhfuil an leagan scríofa seo d’amhráin Chiaráin ag teacht salach ar fheidhm bhunúsach na n-amhrán, nó an bhfuil an leagan scríofa ag láidriú na feidhme seo mar go scaipeann sé an fhilíocht go fairsing? Is é mo bharúil féin nach mairfidh an litríocht bhéil gan aird a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le nuatheicneolaíocht shaol na freacnairce agus leas a bhaint as na modhanna nua caomhnaithe agus seachadta a sholáthraíonn sí.

Tá éileamh ar na hamhráin nuachumtha i measc an phobail, i gConamara agus in áiteanna eile ar fud na tíre agus fiú thar lear, go háirithe i mBoston áit a bhfuil pobal mór Éireannach. Teastaíonn ón bpobal na hamhráin a chloisteáil ar an raidió nó ar chaiséid, agus iad a fhoghlaim ó leabhair. Ní chiallaíonn an méid seo go bhfuil deireadh tagtha leis an láithriú beo ar na hamhráin i gcomhthéacs nádúrtha sóisialta. Ní imíonn deireadh seachtaine i gConamara nach mbíonn tithe tábhairne lán go béal le daoine ag éisteacht leis na hamhráin nuachumtha á gcasadh ag grúpaí mar Na hAncairí, Cillín, Duirling, Fáilte – na bannaí ceoil atá chomh fairsing sin i gConamara. Más fada an ceol sna pubanna ó sheanláithriú an tí airneáin, ní fhágann sin nach í an ealaín chéanna bhéil í, cuid mhaith, d’ainneoin na ngiurléidí teicniúla agus an tsuimh thráchtála. Mar sin féin, ní mór a mheabhrú go bhfuil an-chuid difríochtaí idir an láithriú beo ar na hamhráin agus an láithriú a tharlaíonn trí mheáin éagsúla.

Osclaíonn staidéar ar an ábhar seo, an amhránaíocht nuachumtha mar fhilíocht bhéil, féidearthachtaí nua, agus ceistíonn sé an dearcadh atá againn ar an ní is traidisiún agus cultúr ann. Is iad amhráin nuachumtha Chonamara an chéim is déanaí a tógadh i gcultúr na filíochta béil i gConamara agus is táirge iad a thagann cuid mhór ó fhilí eile béil. Deir Finnegan agus í ag trácht ar an bhfilíocht sa tsochaí:

Poetry and its performance can also be seen as a way in which heritage of artistic performance (and of social values and ideas) is passed on from one generation to another – with changes and development, no doubt, but providing a basic continuity of artistic form and outlook between generations.²⁵

Sampla breá is ea saothar Chiaráin Uí Fhátharta den mhéid seo. Is file nua-aimseartha é a ghlac leis an méid a d'fhoghlaim sé ón nglúin a tháinig roimhe, go háirithe óna uncail Tom an tSeoighigh, ag tógáil ar fhilíocht na seanfhilí pobail agus á cur in oiriúint don saol ina bhfuil sé féin ag maireachtáil.



Rugadh agus tógadh Ciarán Ó Fátharta sa Mháimín i Leitir Móir, Conamara, sa bhliain 1958. Ciarán Feistí ab ainm dá athair, atá anois ar shlí na firinne, agus is í Baba an tSeoighigh a mháthair, í beo i gcónaí, ag tarraingt ar na ceithre scór agus í fós ina cónaí i Leitir Móir. Cúigear gasúr a bhí acu, Pádraig, Máire, Bríd, Cáit agus Ciarán, agus is é Ciarán an duine is óige. Cuireadh oideachas air i scoil náisiúnta Thír an Fhia agus i Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua. Tar éis dó Ardteist a bhaint amach thug sé aghaidh ar mhonarcha éisc i Ros an Mhíl, áit ar oibrigh sé ar feadh sé bliana. Chaith sé roinnt ama ag obair le An Post ansin sular thosaigh sé ag obair le Raidió na Gaeltachta i gCasla i 1986, áit a bhfuil sé ag obair ó shin. Fear mór peile a bhí i gCiarán riamh agus tá dhá chraobh Uile Éireann bainte amach aige, ceann le mionúir na Gaillimhe i 1976 agus ceann le sóisir na Gaillimhe i 1985. Phós sé Lucia i 1993 agus tá tríur gasúr acu, Feithín, Muireann agus Finín.

Ní gafa le cúrsaí peile amháin a bhí Ciarán ina óige, arae bhí suim i gcúrsaí cumadóireachta aige ó bhí sé ina ghasúr. Chum sé a chéad phíosa filíochta agus é fós sa bhunscoil, cé nach cuimhin leis go baileach céard a bhí ann. Agus é sa mheánscoil chuir sé suim i saothar Shelley agus Tennyson, ach is iad soinéid Shakespeare is mó a chuir faoi gheasa é. Nuair a bhí sé sa cheathrú bliain ar scoil tháinig sé ar fhilíocht Johnny Chóil Mhaidhc, duine a raibh an-tionchar ag a chuid oibre air as sin amach. Deir Ciarán go ndeachaigh an dán 'Raiftearaí agus an File' a chum Johnny go mór i bhfeidhm air. Tá líne sa dán seo a thagraíonn do na scríbhneoirí a luann Ciarán:

Céard faoi Mherriman, a dhuine, nárbh fhearr é ná muide?
Céard faoi Tennyson, Shelley agus Shakespeare?²⁶

Tá sé spéisiúil gurb iad an triúr céanna a luann Ciarán mar thionchair, agus b'fhéidir nach timpiste ar bith a bhí ann gur chuir Ciarán spéis i saothar Tennyson, Shelley agus Shakespeare ó tharla go bhfuil an triúr luaite i ndán Johnny.

Duine eile a mhúnlaigh cumas fileata agus ceoil Chiaráin is ea a uncail Tom an tSeoighigh, duine de na cumadóirí amhrán is mó cáil le tríocha bliain anuas i gConamara. Cé nach raibh amhrán Tom, a bhí ar deoraíocht i Sasana sna 1970idí, go mór i mbéal an phobail agus Ciarán ag éirí aníos, chloiseadh sé a dheirfiúr féin agus deartháireacha Tom ag casadh na n-amhrán nuair a d'fhillidís abhaile ó Shasana. Is léir go bhfuair Ciarán bua na hamhránaíochta óna mháthair agus óna athair mar go mbíodh an bheirt acu ag gabháil fhoinn sa teach agus é ag éirí suas. Tá an traidisiún ag dul níos faide siar sa bhfuil aige chomh maith mar gur file a bhí ina sheanathair ar thaobh a mháthar, Máirtín Tom Seoighe. Maidir lena chomhfhilí féin, deir Ciarán go bhfuil an-mheas aige ar fhilí áitiúla, go háirithe Joe Steve Ó Neachtain, Dara Ó Conaola agus Micheál Ó Cuaig. Ní miste tagairt a dhéanamh freisin d'fhilí agus do cheoltóirí lasmuigh den traidisiún Gaelach a bhfuil Ciarán go mór faoina gcomaoin. Bíonn sé de shíor ag faire amach d'amhrán nua a chumann na hamhránaithe a bhfuil meas aige orthu. Ina measc siúd tá Leonard Cohen, Bob Dylan, Woody Guthrie, Hank Williams, Tom T. Hall, Pete St. John, Ewan MacColl agus Peggy Seeger, ceoltóirí tíre agus *country and western* uilig, nach mór. Díol spéise go luann Nuala O'Connor Guthrie agus Seeger i measc an dreama a dhírigh a gcuid ceoil ar chúrsaí sóisialta agus polaitíochta:

Woody Guthrie and Leadbelly were part of a folk music movement that had also a social and political programme. With people like Pete Seeger they saw folk songs as having the capacity to galvanise groups around issues like civil rights, job discrimination, housing and education.²⁷

Is léir ó amhráin Chiaráin gurb iad na téamaí céanna a bhíonn ag dó na geirbe aige féin, agus is fianaise ar chumas Chiaráin mar fhile go dtugann sé na cosúlachtaí idir téamaí Guthrie agus Seeger agus a chuid filíochta féin faoi deara.